

# STRAITÉIS FORBARTHA EALAÍON 2016-2020

COMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**

# Comhairle Contae Átha Cliath Theas
# Straitéis Forbartha Ealaíon
# 2016–2020

–

© Comhairle Contae Átha Cliath Theas 2016

–

Méara An Comhairleoir
Príomhfheidhmeannach Daniel McLoughlin
Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíoch,
Fiontar agus Turasóireachta Frank Nevin
Oifigeach Ealaíon Orla Scannell

–

Buíochas
Comhairliúchán Poiblí Fiona Delaney
An Chomhairle Ealaíon
Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
Na Comhaltaí den Choiste Beartais Straitéisigh
um Ealaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna

–

An Oifig Ealaíon
Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Ceanncheathrú na Leabharlainne
Aonad 1
Coimpléasc Tionsclaíoch na Cearnóige
Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

teil. +353 01 459 7834
facs +353 01 459 7872
artsofficer@sdublincoco.ie
www.sdcc.ie



# Teachtaireacht ón Méara An Comhairleoir Guss O'Connell

*Is é atá i nglacadh na straitéise forbartha ealaíon cúig bliana seo ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ná céim eile i dtreo seirbhís ealaíon a fhorbairt atá cuimsitheach, inrochtana agus inbhuanaithe.*

Trí na beartais atá istigh ann agus trí na hacmhainní poiblí a chuirfear ar fáil, rachaidh an straitéis chun tairbhe d'fhorbairt bhrí chultúrtha an chontae. Aithnítear inti go gcomhlíonann na healaíona ról bunriachtanach i saol ár bpobal. Sna cúig bliana romhainn, tabharfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas tionscnaimh nua isteach, agus í ag neartú na gclár agus na dtacaí atá i bhfeidhm cheana ag an am céanna. Bainfear leas as na tacaí sin chun timpeallacht a chothú ina bhféadfaidh daoine cruthaitheacha forbairt agus teacht chun cinn.

Leanann Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar aghaidh sa straitéis seo ag léiriú an chultúir agus na n-ealaíon saibhir traidisiúnta atá dúchasach don tír seo. Is é an aidhm atá léi iad sin a cheangal tuilleadh leis na léirithe nua agus éiritheacha ealaíon agus cultúir atá dúchasach don chéad is fiche náisiúntacht dhifriúil a bhfuil ár bpobal comhdhéanta díobh.

Maidir le conairí dul chun cinn, an ilchineálacht chultúrtha agus forbairt an lucht féachana/éisteachta, is príomhúdair imní iad sin ar thosaigh an Chomhairle ag tabhairt aghaidh orthu cheana féin agus a leanfar le haghaidh a thabhairt orthu sa straitéis ealaíon nua seo. Tabharfar spreagadh ar leith d'Ealaíona Luath-Óige. Díreofar freisin ar roinnt tionscnaimh straitéiseacha um Ealaíona sa tSláinte, Ealaíona agus Míchumas agus Ealaíona agus Daoine Breacaosta. Oibreoidh an Oifig Ealaíon i gcomhpháirt leis na Seirbhísí Leabharlainne Contae i dtaca le roinnt snáitheanna cláir. Ba i ndlúthchomhairle leis an bpobal a forbraíodh an straitéis seo. Is creat é lena gcumasaítear tionscnaimh chruthaitheacha, agus béim á leagan aige ar an ról a chomhlíonann an earnáil ealaíon agus na healaíona gairmiúla, amaitéaracha agus deonacha i seirbhísí ealaíon a sholáthar ar fud an chontae.

Is é ról na Comhairle ceannaireacht a chur ar fáil i bhforbairt chultúrtha an chontae, deiseanna a sholáthar do gach duine, beag beann ar aois, ar chúlra agus ar chumas, cur ar chumas gach duine eispéireas ealaíon den chéad scoth a bheith acu, tacaíocht agus meas a thabhairt don ealaíontóir agus féiniúlacht chultúrtha an chontae a chur chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an straitéis ealaíon seo a mhúnlú, rud lena soláthrófar an treo beartais sna cúig bliana atá le teacht.





# Brollach ón bPríomhfheidhmeannach Daniel McLoughlin

*Infheistíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go suntasach sna healaíona ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht beatha ár saoránach.*

Bonn eolais faoin infheistíocht sin is ea an straitéis forbartha ealaíon cúig bliana de chuid na Comhairle. Níl i gcistiú ach cuid den scéal. Is iad na codanna eile den tírdhreach ealaíon ná na healaíontóirí, na rannpháirtithe agus an lucht féachana/éisteachta a chuireann beocht sna healaíona.

Ar aon dul leis an Straitéis Ealaíon is déanaí uainn, dáileadh acmhainní suntasacha ar fhorbairt ealaíon áitiúil, go háirithe i dtaca le daoine óga agus an t-oideachas ceoil, an scannán agus an damhsa. Chabhraíomar le heagraíochtaí agus ionaid ealaíon sa cheantar áitiúil cláir a sholáthar agus chabhraíomar le healaíontóirí aonair saothar nua a chruthú agus a chur i láthair trí sparánachtaí a dhámhachtain agus trí thionscadail chomhpháirtíochta a reáchtáil. Is é oidhreacht na hoibre sin ná áit chultúrtha níos ceangailte ina bhfuil tuilleadh plé idir ionaid, eagraíochtaí agus ealaíontóirí. Tá méadú suntasach ann ar an líon daoine atá ag glacadh páirt i gcláir ealaíon den chéad scoth agus cruthaíodh ardán suntasach ar ar féidir le daoine óga cruthaitheacha sa chontae iad féin a chur i láthair.

Leis an Straitéis Forbartha Ealaíon nua seo, deimhnítear an méid a leanann na healaíona ar aghaidh ag cur leis an gcontae. Tugtar spreagadh léi do gach duine blas a fháil ar na healaíona agus tugtar meas inti d'ionchur ealaíne gach duine, beag beann ar a n-aois. Is é an aidhm atá léi cláir nua ealaíon a spreagadh ó thaobh rannpháirtíochta, tuilleadh deiseanna d'ealaíontóirí agus forbairt lucht féachana/éisteachta de.

Léirítear sa Straitéis seo bonn dlúth le comhpháirtíocht leantach agus le timpeallacht chomhoibríoch inbhuanaithe ealaíon a fhorbairt atá bunaithe ar ár gcuid láidreachtaí agus éachtaí. Táim ag súil lena cur chun feidhme agus le dul chun cinn Bhaile Átha Cliath Theas mar chontae a mbeadh acmhainn ealaíon den scoth aige.

An Méara Guss O'Connell, Comhaltaí Tofa na Comhairle agus na Comhaltaí den Choiste Beartais Straitéisigh um Ealaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna, atá faoi chathaoirleacht an Chomhairleora Dermot Richardson, ba mhaith liom iad uile a mholadh as an ról a d'imir siad i gceapadh na Straitéise Forbartha Ealaíon seo.








# Clár Ábhar

Réamhrá 4

Próifíl an Chontae 5

Ról An Údaráis Áitiúil 7

Príomhsheirbhísí Na Hoifige Ealaíon 7

Príomhsheirbhísí Na Hoifige Ealaíon 8

*Téamaí Straitéiseacha Na Straitéise Forbartha Ealaíon 2016–2020*

1. Inbhuanaitheacht 9

2. Rannpháirteachas, Foghlaim agus Rannpháirtíocht An Phobail 10

3. Bonneagar agus Pointí Rochtana 11

4. An tSeirbhís Ealaíon a Fhorbairt 12

# Réamhrá

*Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an phríomhghníomhaireacht atá gafa le forbairt ealaíon áitiúil i gContae Átha Cliath Theas. Tá sí tiomanta d'oibriú i gcomhar le heagraíochtaí eile chun a chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann maidir le ceannaireacht, cur chuige agus soláthar seirbhísí ealaíon ar fud an chontae. **

I dteannta an Phlean Forbartha Contae agus na bpleananna de chuid ranna agus earnálacha eile sa Chomhairle, is leis an straitéis ealaíon seo a sholáthraítear an treo straitéiseach le haghaidh thodhchaí Chontae Átha Cliath Theas agus thodhchaí a pobal. Cuireadh le chéile í tar éis dul i ndáil chomhairle agus tar éis meastóireacht, taighde agus athbhreithniú a dhéanamh.

Is é Coiste Beartais Straitéisigh na Comhairle um Ealaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna a threoraíonn ceapadh an bheartais ealaíon. Tá sé á bhrú chun cinn ag ráiteas misin na Comhairle, a bhfuil an méid seo i gceist leis:

'próisis dhaonlathacha áitiúla atá oscailte, éifeachtach, cuimsitheach agus rannpháirtíoch a chur ar fáil i dteannta seirbhísí, saoráidí agus tacaí den chéad scoth lena ndéantar creatlach shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Theas a chothú, a fheabhsú agus a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn ann agus do gach duine a thugann cuairt air.'

Trí Straitéis Forbartha Ealaíon 2016-2020 ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, tabharfar tionscnaimh nua isteach agus tacófar faoi na téamaí seo a leanas leis na cláir agus leis an mbonneagar atá ann cheana:

*Inbhuanaitheacht*

*Rannpháirteachas, Foghlaim agus Rannpháirtíocht an Phobail*

*Bonneagar agus Pointí Rochtana*

*An tSeirbhís Ealaíon a Fhorbairt*


Tháinig roinnt príomhréimsí tosaíochta chun cinn faoi na téamaí sin. Áirítear na nithe seo leo:

Tuilleadh rochtana agus rannpháirtíochta a thabhairt do leanaí, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine breacaosta; deiseanna a chur ar fáil le haghaidh saothar nua a chruthú agus é a chur i láthair lucht féachana/éisteachta ilchineálach; obair i gcomhpháirt mar bhealach chun cáilíocht a fheabhsú, clúdach clár a leathnú agus inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Tá gach clár bunaithe ar na croíphrionsabail seo a leanas: Cáilíocht, Cruthaitheacht, Cuimsiú, Foghlaim agus Comhpháirtíocht

** Mar a léirítear í san Acht Ealaíon 2003, is é an sainmhíniú a thugann gníomhaíocht ealaíne ar ealaín ná aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínitheach (bíodh sé traidisiúnta nó comhaimseartha) i cibé foirm agus folaíonn sí go háirithe na hamharcealaíona, an amharclannaíocht, an litríocht, an ceol, an damhsa, an ceoldráma, an scannán, an sorcas agus an ailtireacht, agus folaíonn sí meán ar bith nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin.*

*Chun críocha na tuarascála seo, folaíonn an ealaín oideachas ealaíon, teagasc ealaíon, bailiú ealaíne, ealaíona pobail, ealaín phoiblí, oiliúint ealaíon, saoráidí/ionaid ealaíon agus cláir sheirbhíse ealaíon. Folaíonn sí gníomhaíochtaí léirithe, cuir i láthair, dáilte agus scaipthe.*





# Próifíl An Chontae

*Tá Contae Átha Cliath Theas ar cheann de na trí údarás áitiúla nua a tháinig chun cinn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1994. Cuimsíonn Contae Átha Cliath Theas, a bhfuil Tamhlacht ina lár, an ceantar go bunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus tá sé lonnaithe sa teorainn idir imeall na cathrach agus na contaetha comharsanacha seo: Cill Dara, Fine Gall, Dún Laoghaire agus Cill Mhantáin.*

Áit ag a bhfuil féiniúlacht chasta is ea an contae, agus mótarbhealaí, eastáit tithíochta agus páirceanna tionsclaíocha lonnaithe trasna an chontae. Is áit é ina dtagann ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe le chéile, rud nach mbeifí ag súil leis. Ní i gcéin in aon chor atá mánna glasa agus sléibhte arda. Tá aibhneacha, coillearnach, bogach, féarach, foraoisí, rianta, fraochmhánna agus portaigh le feiceáil ar fud an cheantair. Áit áilleachta nádúrtha is ea an Contae. Ó cuireadh ar bun é sa bhliain 1994, tá saincheist na féiniúlachta ar cheann de na dúshláin is mó a bhfuil Contae Átha Cliath Theas ag déileáil leis. Ós rud é gurb ionann an daonra áitiúil agus 278,749 nduine agus go gcónaíonn siad thar achar atá 223 km (cearnach) ar fad, tá claonadh ag a phobail féiniúlacht áitiúil a choinneáil in ionad glacadh le féiniúlacht contae.

Tá an Contae comhdhéanta de Leamhcán agus Baile Phámar, Teach Mealóg agus Ráth Fearnáin feadh na Life agus na Dothra, ar bhailte tionsclaíocha iad roimhe sin. Tá sé comhdhéanta freisin den Chaisleán Nua, Ráth Cúil, Teach Sagard agus an Briotás sa Deisceart, ar sráidbhailte iad a bhfuil gnéithe tuaithe le sonrú iontu fós, agus de Thamhlacht agus Cluain Dolcáin i lár an Chontae, dhá áit a bhíodh ina sráidbhailte tuaithe. Tá an chuid is mó de na sráidbhailte lonnaithe ar láithreáin a mbaineann oidhreacht Chríostaí thábhachtach leo. Tá an Cloigtheach a tógadh sa seachtú haois soiléir le feiceáil ó lár shráidbhaile Chluain Dolcáin.

Thosaigh fo-uirbiú an Chontae i dTamhlacht sa bhliain 1969. D'iompaigh sráidbhailte stairiúla ina

mbruachbhailte. Amhail an bhliain 2016, cónaíonn daoine ó 120 tír dhifriúil sa Chontae. Inimircigh nua, teaghlaigh inimirceacha dara glúin, na 'lonnaitheoirí luatha', cónaíonn gach duine le hais a chéile sa Chontae seo. Tá an ilchineálacht le feiceáil ar fud na háite.

Tá spiorad láidir pobail le sonrú i mbailte nua amhail Baile Adaim. In eastáit nua i gCluain Dolcáin Thuaidh agus i dTamhlacht Thiar, is gnéithe tábhachtacha iad ómós áite agus braistintí féiniúlachta, muintearais agus pobail. Is ann do 300 grúpa pobail gníomhach sa Chontae. Baineann ríthábhachtach le braistint an phobail, rud a léirítear fud fad an Chontae. Pobail dhifriúla daoine agus áit san aonú haois is fiche – an oiread sin ilchineálachta sóisialta, eacnamaíche agus cultúrtha.*

Saintréith d'ealaíona agus cultúr sa chontae í láithreacht láidir na hearnála ealaíon amaitéarach, na hearnála ealaíon deonach agus na hearnála ealaíon pobail, rud a chruthaíonn an-chuid deiseanna chun páirt a ghlacadh sna healaíona. Is san Earnáil Ealaíon Amaitéarach, san Earnáil Ealaíon Deonach agus san Earnáil Ealaín Pobail atá 66% den 180 eagraíocht dhoiciméadaithe ealaíon agus cultúir sa chontae (Aguisín B). Tá 14.5% díobh san Earnáil Phríobháideach/Tráchtála, is Eagraíochtaí Gairmiúla Ealaíon iad 13% díobh agus is Féilte agus Imeachtaí iad 6.5% díobh.

Soláthraíonn na heagraíochtaí gairmiúla ealaíon rochtain ar chlár den chéad scoth mar aon le deiseanna le haghaidh rannpháirteachas an phobail. Áirítear leis na heagraíochtaí sin an Amharclann Phobail, Ionad Ealaíon RUA RED Átha Cliath Theas, Ealaíona Pobail Thamhlachta, Alternative Entertainments agus Giniúint Cheoil Átha Cliath Theas. Tá na hionaid ina spásanna ina bhféadann ealaíontóirí a saothar a chruthú agus a chur i láthair. De réir a chéile, tá ag méadú ar an méid atá siad ag déanamh Seirbhís Ealaíon sa Chontae a mhúnlú agus a sholáthar.

Tá ealaíontóirí gairmiúla ina gcuid dhílis de thimpeallacht chultúrtha bheoga a chruthú agus de chleachtas ealaíon cruthaitheach ar ardchaighdeán a bhaint amach sa chontae. Deiseanna lena gcabhraítear le healaíontóirí a scileanna cruthaitheachta a fhiosrú agus saothar uaillmhianach ealaíne a chruthú, tugtar tacaíocht dóibh leis an Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí, le In Context, an Clár Ealaíne Poiblí de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus le Scéimeanna Cónaitheachta d'Ealaíontóirí.

Is iad ealaíontóirí gairmiúla a shocraíonn na caighdeáin ealaíne agus cáilíocht an eispéiris sna healaíona rannpháirtíocha ar roinnt mhaith bealaí, lena n-áirítear na healaíona pobail, na healaíona sláinte, na healaíona deonacha, na healaíona pobail agus na healaíona amaitéaracha. Cláir do Dhaoine Óga, rud ar tacaíodh leis ar fud thréimhse feidhme na straitéisí forbartha ealaíon a bhí ann roimhe, tá siad dea-bhunaithe agus comhtháite i saol cruthaitheach agus cultúrtha an chontae.

Is le fada an lá atá an tSeirbhís Leabharlainne ag comhlíonadh ról i rochtain a chur ar fáil ar na healaíona agus i lucht féachana/éisteachta a fhorbairt do na healaíona i gContae Átha Cliath Theas.

*Leanann sí ar aghaidh ag comhlíonadh an róil sin trí imeachtaí, taispeántais, ceardlanna agus faisnéis ealaíon agus cultúrtha a chur ar fáil.*

Maidir leis na dóigheanna agus na háiteanna a gheobhaidh daoine rochtain ar na healaíona i gContae Átha Cliath Theas, leanfar lena bhforbairt i gcomhpháirt le healaíontóirí, tionscnóirí áitiúla, soláthraithe seirbhíse, pobail agus daoine aonair ar fud an chontae.

** Arna chóiriú ó In Context 4: In Our Time, Claire Power & Aoife Tunney, Márta 2016*





# Ról An Údaráis Áitiúil

## Tacadóir
Comhpháirtíochtaí a chruthú le daoine aonair agus le heagraíochtaí pobail chun seirbhísí, cláir agus táirgí a bhfuil cuspóirí poiblí acu a sholáthar

## Pleanálaí
Cabhrú leis an bpobal comhfhíseanna a phleanáil agus a chur chun feidhme trí fhorbairt beartais

## Forbróir
Cabhrú leis an bpobal a aistriú i dtreo cumhachtaithe agus inbhuanaitheachta

## Tionscnóir
Spreagadh agus cabhair a thabhairt do thionscadail spreagthaigh a chuireann na healaíona chun cinn agus a fhreastalaíonn ar an bpobal ar bhealaí tábhachtacha

## Taighdeoir
Eolas agus tuiscint a fheabhsú agus cinnteoireacht eolach a chinntiú

## Cumarsáidí
Faisnéis a scaipeadh maidir le ról agus tionchar na n-ealaíon agus faisnéis a scaipeadh maidir le cláir agus tionscadail

## Comhpháirtí
Obair i gcomhpháirt le healaíontóirí, leis an bpobal, le hearnálacha eile, le maoinitheoirí eile agus le soláthraithe seirbhíse poiblí eile

## Soláthróir
Cláir agus seirbhísí ealaíon a sholáthar chun bearnaí pobail a líonadh*

## Príomhsheirbhísí Na hOifige Ealaíon

- → Taighde agus Ceapadh an Bheartais Ealaíon
- → Tacaíocht d'Fhorbairt Cláir
- → Forbairt Bonneagair
- → Faisnéis agus Cumarsáid
- → Soláthar Acmhainní agus Tacaíochta
- → Nascachtaí a Chruthú

* *Ottawa 2025*



Comhairle Contae Átha Cliath Theas

# Straitéis Forbartha Ealaíon

2016–2020

## Príomhchuspóirí Na Straitéise Forbartha Ealaíon

Aithníonn an Chomhairle go gcuireann na healaíona go mór le fás agus inmharthanacht contae agus go rannchuidíonn siad go mór leis an gcáilíocht beatha áitiúil. Aithníonn sí freisin an gá le dálaí a chruthú lena gcothaítear pobal ealaíontóirí, daoine cruthaitheacha agus eagraíochtaí ealaíon laistigh dá theorainn.

→ Rochtain atá oscailte agus cuimsitheach ón taobh sóisialta de ar phróiseas léirithe chultúrtha agus ealaíne den chéad scoth a chruthú agus rannpháirtíocht sa phróiseas sin a chur chun cinn.

→ Rannpháirtíocht sna healaíona agus forbairt lucht féachana/éisteachta a bharrfheabhsú trí thionscnaimh chomhpháirtíochta straitéisí le healaíontóirí, le soláthraithe ealaíon agus le gníomhaireachtaí eile.

→ Timpeallacht a fhorbairt lena gcumasaítear d'ealaíontóirí a scileanna cruthaitheachta a fhiosrú agus saothar nuálach uaillmhianach sármhaitheasa a chruthú.

→ Féiniúlacht chultúrtha láidir do Chontae Átha Cliath Theas a chur chun cinn.

## Téamaí


*1. Inbhuanaitheacht*

*2. Rannpháirteachas, Foghlaim agus Rannpháirtíocht*

*3. Bonneagar agus Pointí Rochtana*

*4. An Tseirbhís Ealaíon a Fhorbairt*





Téama 1:

# Inbhuanaitheacht

*Straitéisí*

## 1.1 Soláthraithe ealaíon agus cultúir an Chontae, lena n-áirítear eagraíochtaí agus cleachtóirí aonair, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh

→ Tionscadail taighde lena gcabhraítear go díreach le forbairt ealaíon sa chontae a choimisiúnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

→ Tionscnaimh agus imeachtaí lena meallfar lucht féachana/éisteachta nua a shainaithint i gcomhar le heagraíochtaí ealaíon agus cultúir sa chontae.

→ Sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna nua d'ealaíontóirí trí thionscnaimh, trí scéimeanna cónaitheachta agus trí choimisiúin ilpháirtí.

→ Forbairt agus cur i láthair clár agus tionscadal atá faoi stiúir an ealaíontóra agus atá inrochtana agus oscailte don phobal a chothú.

## 1.2 A chinntiú go leanfaidh cláir na Comhairle le tacaíocht a thabhairt don chaidreamh atá ar bun cheana féin le soláthraithe eile seirbhíse ealaíon agus leis an gcaidreamh sin a fhorbairt

→ Gníomhaíochtaí comhlántacha a fhorbairt le príomheagraíochtaí cultúir sa chontae, lena n-áirítear an Amharclann Phobail, Ealaíona Pobail Thamhlachta, Ionad Ealaíon RUA RED Átha Cliath Theas, Alternative Entertainments, Leabharlanna Átha Cliath Theas, an tIonad Náisiúnta do na hEalaíona agus don tSláinte agus Áras Chrónáin.

→ Tacaíocht a thabhairt don Amharclann Phobail agus d'Ionad Ealaíon RUA RED Átha Cliath Theas maidir le deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí agus do léiritheoirí a saothar a chur i láthair i dtimpeallacht ghairmiúil agus maidir le rochtain chuimsitheach a thabhairt don phobal ar raon eispéireas ealaíon ar ardchaighdeán.

→ Tacú le forbairt leanúnach Ealaíona Pobail Thamhlachta agus Alternative Entertainments agus bheith oscailte do thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí agus do thionscnaimh nua trí Scéim nua Tionscnamh Straitéiseach.

→ Sineirgí le clár Leabharlanna Átha Cliath Theas a chur chun cinn.

## 1.3 Deiseanna a thairiscint le haghaidh scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt agus le haghaidh cleachtas gairmiúil a leathnú

→ Cabhrú le rochtain ar fhorbairt scileanna agus ar mheantóireacht d'ealaíontóirí chun cáilíocht agus comhsheasmhacht na n-eispéireas ealaíne a chinntiú.

→ Sparánacht na Comhairle d'Ealaíontóirí a chothú, ar sparánacht í lena dtacaítear le forbairt gairme agus cleachtais d'ealaíontóirí i ngach disciplín.

→ Tacú le líonraí atá treoraithe ag piaraí sa Chontae agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh líonrú agus le haghaidh cleachtas a chomhroinnt.



## Téama 2:

# Rannpháirteachas, Foghlaim agus Rannpháirtíocht

*Straitéisí*

### 2.1 Cabhrú leis an lucht féachana/éisteachta raon leathan eispéireas ealaíon agus cultúir a rochtain

→ Tacú le tionscnaimh ealaíon agus chultúir a fhorbairt lena bhfreagraítear do riachtanais daoine óga trí ardán ar líne agus as líne NOISE Átha Cliath Theas agus trí na cláir de chuid Contact Studio atá dírithe ar dhaoine óga i.e. Suburban Sounds, Big Picture TV agus Animakers.

→ Tacú le forbairt Ruaille Buaille - Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin, rud lena soláthraítear an t-ardán le haghaidh taibhithe gairmiúla agus pobail i seánraí éagsúla ceoil.

→ Tacú leis na snáitheanna liteartha d'Fhéile Leabhar na Líne Deirge maidir le hardán a chur ar fáil do scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn agus maidir le rannpháirtíocht an phobail.

→ Tacú le heagraíochtaí cistithe iniúchadh a dhéanamh ar lucht féachana/éisteachta atá ilchineálach ón taobh cultúrtha de a iniúchadh.

→ Forbairt tionscadal lena dtarraingítear aird an phobail a spreagadh.

### 2.2 An Acmhainn Chruthaitheach a Fhorbairt

→ Cur chun cinn a dhéanamh ar chaidreamh a bhunú idir scoileanna, ionaid áitiúla ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon chun gur féidir cuairteanna a thabhairt ar ionaid áitiúla ealaíon le haghaidh ceardlann/imeachtaí.

→ Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le cleachtas ealaíon ar ardchaighdeán laistigh de shuíomhanna oideachais fhoirmiúil trí scéimeanna cónaitheachta d'ealaíontóirí a reáchtáil, trí thacaíocht múinteora agus curaclaim a chur ar fáil agus trí phobail chleachtais a spreagadh i measc múinteoirí.

→ Obair i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta do na hEalaíona agus don tSláinte chun clár Damhsa sa tSláinte a thabhairt isteach laistigh den suíomh ospidéil.

→ Cleachtas um Ealaíona sa tSláinte a chur chun cinn trí thacú le sraith seimineár an Ionaid Náisiúnta do na hEalaíona agus don tSláinte.

→ Óstáil a dhéanamh ar dheis bhliantúil malartaithe agus líonraithe idir cleachtóirí ealaíon sa chontae.

### 2.3 Deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a n-acmhainn chruthaitheach a fhiosrú agus a n-eispéireas ealaíon a fheabhsú

→ Tacú le heispéireas ealaíon den chéad scoth do leanaí agus d'ealaíontóirí óga nó é a chur ar fáil trí thionscnaimh foghlama cruthaithí amhail Scannánóirí Óga Thamhlachta (an Scannán), Creative Campus (na hAmharcealaíona), Tenderfoot (an Amharclannaíocht), Suburban Sounds (an Ceol) agus Giniúint Cheoil Átha Cliath Theas (an tOideachas Ceoil).

→ Tionscnamh Scríbhneoirí Óga a chur ar siúl ar bhonn trialach i gcomhar le Leabharlanna Átha Cliath Theas.

→ Deiseanna taibhithe agus taispeána a chur ar fáil trí imeachtaí amhail Noise Dance, Noise Flicks agus Ruaille Buaille - Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin, agus tacú le tionscnaimh eile ealaíon lena gcuirtear na deiseanna sin ar fáil do dhaoine óga.

→ Tacú le tionscnaimh atá dírithe ar an óige trí chlár Deontais agus Sparánachta na Comhairle.

→ Feasacht a mhéadú ar dheiseanna oiliúna, ar chonairí dul chun cinn agus ar dheiseanna gairme do dhaoine óga.

→ Tacú le forbairt an Líonra Ealaíon Óige.

→ Cláir Luathbhlianta (do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois) a thabhairt isteach ar fud raon foirmeacha ealaíne agus suíomhanna i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Átha Cliath Theas, le Leabharlanna Átha Cliath Theas agus le comhpháirtithe eile.

### 2.4 Forbairt Ealaíon Áitiúil a chothú

→ Comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise forbartha ealaíon, ar an leithdháileadh straitéiseach acmhainní, ar fhorbairt tionscadal agus ar chur chun feidhme na n-imeachtaí Ealaíon.

→ Tacú le rannpháirtíocht sna healaíona ag gach leibhéal trí rochtain chuimsitheach ar spásanna ealaíon agus saineolas ealaíon a chur ar fáil.

→ Feabhas a chur ar cháilíocht agus soláthar féilte, gníomhaíochtaí agus imeachtaí pobail trí chistiú deontais a chur ar fáil.

→ An infheistíocht deontais san earnáil ealaíon amaitéarach, san earnáil ealaíon deonach agus san earnáil ealaíon pobail a chothú, rud atá ríthábhachtach don phobal ealaíon i gContae Átha Cliath Theas.

→ Seirbhísí tacaíochta faisnéise agus comhairleacha a chur ar fáil.

Téama 3:

# Bonneagar agus Pointí Rochtana

*Straitéisí*

### 3.1 Deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí mar chuid de thionscadail na Comhairle chun bonneagar agus timpeallacht thógtha agus nádúrtha a fheabhsú/a athfhorbairt

→ Cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis reatha na Comhairle maidir le healaín phoiblí don tréimhse 2016-2019 faoin Scéim Céatadán ar son na hEalaíne, In Context 4: In Our Time agus tabhairt faoi shaothar ealaíne nua a choimisiúnú.

→ Obair ar bhealach comhtháite le ranna sa Chomhairle a gcuirtear de chúram orthu tionscadal caipitil a phleanáil agus a sholáthar, agus soláthar cultúrtha a chur ar áireamh i bPleananna Ceantair Áitiúil agus i mbuiséid chaipitil.

→ Tacú le seirbhísí pleanála chun a chinntiú go gcoimeádtar fearann poiblí ar ardchaighdeán trí choimisiúnú ealaíne poiblí i bhforbairt phríobháideach de réir na dTreoirlínte maidir le hEalaín Phoiblí i bhForbairt Phríobháideach a foilsíodh sa bhliain 2007.

→ Obair mar chomhairleoir chun tacú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile sa chontae a choimisiúnaíonn ealaín phoiblí chun a chinntiú go mbíonn cur chuige comhsheasmhach á ghlacadh.

### 3.2 Cur chun cinn a dhéanamh ar bhailiúchán méadaitheach Ealaíne Poiblí na Comhairle agus ar an dóigh a léirítear comhthéacs uathúil Chontae Átha Cliath Theas ann

→ Cur chun cinn a dhéanamh ar Ealaín Phoiblí Chontae Átha Cliath Theas, an bunachar sonraí ealaíne poiblí de chuid na Comhairle ar féidir leis an bpobal é a rochtain ag www.southdublin.ie/artsworks/ , agus an acmhainn sin a chuimsíonn ealaín phoiblí agus doiciméid atá ann cheana a fhorbairt mar uirlis oideachais agus taighde.

→ Naisc a chruthú le bunachair shonraí náisiúnta amhail PublicArt.ie agus le suíomhanna Gréasáin turasóireachta agus oidhreachta áitiúla.

### 3.3 Tuilleadh úsáide as spásanna poiblí, saoráidí poiblí agus ionaid phoiblí a spreagadh

→ Obair le féilte, le himeachtaí agus le heagraíochtaí ealaíon agus pobail chun méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an raon spásanna, saoráidí agus ionad atá faoi úinéireacht na Comhairle nó nach bhfuil, lena n-áirítear Ionaid Phobail agus Leabharlanna.

→ Spásanna a chur ar fáil do raon ilchineálach eagraíochtaí agus ealaíontóirí le haghaidh léirithe, taispeántas agus gníomhaíochtaí agus spásanna oibre próiseasbhunaithe.







Téama 4:

# An tSeirbhís Ealaíon a Fhorbairt

*Straitéisí*

## 4.1 Obair i gcomhpháirt chun a chinntiú go bhforbrófar timpeallacht chultúrtha fhuinniúil

→ Obair i gcomhpháirt le hionaid ghairmiúla agus eagraíochtaí cultúir a mbaineann tábhacht leo ar mhaithe le hacmhainní ealaíon a fhorbairt agus le cuspóirí coiteanna a sholáthar.

→ Ciste Tionscnamh Straitéiseach a chur ar bun chun tacú leis na nithe seo: forbairt lucht féachana/éisteachta atá ilchineálach ón taobh cultúrtha de; rannpháirteachas le daoine breacaosta; agus tionscnamh um Ealaíona agus Míchumas.

→ Tacaíocht don damhsa agus d'ealaíontóirí damhsa a choinneáil i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha áitiúla agus náisiúnta.

→ Dul chun cinn a dhéanamh mar chomhpháirtí ceannasach ar fhorbairt Ghiniúint Cheoil Átha Cliath Theas i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, le hIonad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus le comhpháirtithe eile.

→ Comhaontuithe seirbhíse a thabhairt isteach lena n-áireofar soláthar rialta faisnéise agus sonraí maidir le lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíocht, agus taifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh ar gach tionscadal agus clár a gcistíonn an Chomhairle iad go díreach.

## 4.2 Taighde agus Forbairt

→ Leanúint le faisnéis maidir le raon agus dáileadh na gníomhaíochta ealaíon sa chontae a mhapáil agus a chur ar fáil.

→ Ionchur leanaí agus daoine óga a spreagadh i bpleanáil chultúrtha agus aitheantas a thabhairt don ról a chomhlíonann siad mar thionscnóirí cultúir, mar rannpháirtithe cultúir agus mar bhaill den lucht féachana/éisteachta.

→ Sainaithníodh an Ilchineálacht Chultúrtha agus na hEalaíona Luathbhlianta mar dhá réimse thábhachtacha le haghaidh forbairt straitéiseach laistigh de na seirbhísí ealaíon ó thaobh beartais, seirbhísí cultúrtha cuí, samhlacha rannpháirtíochta agus an dea-chleachtais de.

→ Tacófar le tionscnaimh sa Chontae lena gcabhrófar le Daoine Breacaosta gabháil do na hEalaíona agus lena ndíreofar ar Ealaíona agus Míchumas.

→ Staidéar féidearthachta a choimisiúnú chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an mbonneagar ealaíon sa chontae a fhorbairt.

→ Obair i dtreo beartas solúbtha a cheapadh i dtaca le gnóthachan pleanála, rud lena n-éascófaí forbairt spásanna oibre agus maireachtála d'ealaíontóirí.

→ Treoirlínte d'Fhorbróirí a dhréachtú maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann leis na saoráidí ealaíon beartaithe a eascraíonn as gnóthachan pleanála.

## 4.3 Luach na hearnála ealaíon agus cultúir a chur chun cinn do chónaitheoirí agus do chuairteoirí

→ I gcomhairle le heagraíochtaí eile, tacú le bunachar sonraí ealaíon agus cultúir a tháirgeadh agus a dháileadh lena dtabharfar cuntas ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí i gContae Átha Cliath Theas.


→ An earnáil ealaíon agus cultúir a chur chun cinn trí ardáin chumarsáide na Comhairle a úsáid.

→ Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionscnamh feasachta áitiúla agus margaíochta ealaíon agus cultúir a reáchtáil le comhpháirtithe lena n-áirítear Súil, atá ina líonra eagraíochtaí cultúir atá lonnaithe i dTamhlacht

## 4.4 A chinntiú go bhfuil na healaíona agus an cultúr le sonrú go soiléir ar fud ghníomhaíochtaí Chontae Átha Cliath Theas

→ A chinntiú go gcuirtear an tionchar ealaíne agus cultúir san áireamh i dtuarascálacha de chuid na Comhairle.

→ Leanúint le seirbhísí a gcuireann an Chomhairle iad ar fáil a úsáid chun tionscadail chomhoibríocha a fhorbairt ar mhaithe le deiseanna a mhéadú le haghaidh eispéireas laethúil a dhéanamh de rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr.




## Aguisín A:

# Comhairliúchán Ealaíon 2015-2016

*Thug Oifig Ealaíon Chontae Átha Cliath Theas faoi Chomhairliúchán Ealaíon 2016 chun eolas a dhéanamh do Straitéis Ealaíon cúig bliana nua a fhorbairt do Chontae Átha Cliath Theas.*

Ba phróiseas idirghníomhach é inar bailíodh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar líne agus inar tugadh deiseanna le haghaidh teagmháil duine le duine. Chuathas i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne, idir ealaíontóirí gairmiúla agus ealaíontóirí amaitéaracha, idir dhaoine a fhreastalaíonn ar imeachtaí go rialta agus dhaoine nach bhfreastalaíonn orthu go rialta, agus idir lapadáin agus dhaoine a bhí nócha bliain d'aois. Cuireadh fáilte roimh chách.

### Na hÁiteanna ina nDearnamar Teagmháil

Cuireadh sraith imeachtaí comhairliúcháin agus líonraithe ar siúl freisin. I ngach cás, iarradh ionchur agus tuairimí maidir le riachtanais agus sochair na n-ealaíon agus leis na bacainní leo. Mar a tharlaíonn in amanna nuair a thugtar deis do dhaoine teacht le chéile, dul i mbun plé agus a gcleachtas a chomhroinnt, tagann féidearthacht chun cinn go mbunófaí comhpháirtíochtaí, líonraí agus imeachtaí ealaíon sa todhchaí.

Imeacht Líonraithe d'Ealaíontóirí Gairmiúla: an 9 Nollaig 2015, RUA RED

Fóram Líonraithe do Chleachtóirí Ealaíon: an 27 Eanáir 2016, RUA RED

Comhairliúchán agus Sárthaispeántas Ealaíon Óige: an 14 Feabhra 2016, an Amharclann Phobail

Comhairliúchán le Daoine Breacaosta: an 29 Feabhra 2016, Ionad Ban Rualaí

### An Líon Daoine a Ghlac Páirt Ann ar Líne

Reáchtáladh suirbhé ar líne trí chomhéadan in aisce Google Forms a úsáid. Cuireadh an suirbhé le chéile trí ionchuir agus tacaíocht dáileacháin ó sholáthraithe seirbhíse ealaíon áitiúla. Dúnadh an tréimhse le haghaidh aighneachtaí a chur isteach Dé hAoine an 18 Márta. Fuarthas 411 fhreagra chomhlánaithe.

*Fuarthas 14 aighneacht ó leanaí/thar ceann leanaí.*

*Fuarthas 361 aighneacht ó dhaoine óga.*

*Fuarthas 33 aighneacht ó dhaoine fásta.*

### Roinnt Tuairimí a Chuir Daoine In Iúl

- Teastaíonn tuilleadh trédhearcachta maidir leis an bhfáil ar acmhainní agus le leithdháileadh acmhainní
- Cur in iúl na faisnéise maidir le himeachtaí, breisoideachas agus deiseanna sna healaíona
- Meastóireacht ar chláir chistithe agus scaipeadh foghlama agus cleachtais
- Aitheantas a thabhairt don Ionad Náisiúnta do na hEalaíona agus don tSláinte
- Ceannaireacht agus tathant trí bheartas agus pleanáil
- Tacaíocht do dheiseanna le haghaidh líonrú ealaíon, taispeáint agus comhair



## Aguisín B:

# Próifíl

### Forbhreathnú ar an Earnáil Ealaíon i gContae Átha Cliath Theas

| | |
|---|---|
| Grúpaí Amaitéaracha | 49 |
| Ealaíona Pobail | 47 |
| Grúpaí Deonacha | 23 |
| Féilte nó Imeachtaí | 11 |
| Eagraíochtaí Gairmiúla Ealaíon | 24 |
| Príobháideach | 26 |
| Na hEalaíona san Oideachas - Scoileanna ar oibríodh leo | 84 |
| Ealaíontóirí Gairmiúla | 220 |
| Iomlán | 484 |

*Sainmhínítear Pobal chun gníomhaíochtaí ealaíon a chur ar áireamh i gcomhthéacsanna amhail cúram sláinte, daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, grúpaí reiligiúnacha, grúpaí óige, etc*

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon de réir Foirm Ealaíne

| | |
|---|---|
| An Scannán/an Físeán | 4 |
| An Litríocht/an Scríbhneoireacht Chruthaitheach | 13 |
| An Damhsa | 19 |
| An Drámaíocht | 8 |
| An Ceol | 53 |
| An Ceoldráma | 6 |
| Na hAmharcealaíona | 34 |
| Ildisciplíneach | 42 |
| An Sorcas/Seónna/an Léiriú Sráide | 1 |
| An Cheardaíocht | 1 |
| Iomlán | 180 |

*Gan gníomhaíochtaí de chuid na nEalaíon san Oideachas agus Ealaíontóirí Aonair a áireamh*

### Raon geografach na nGníomhaíochtaí Ealaíon Amaitéarach, Ealaíon Deonach agus Ealaíon Pobail

| | |
|---|---|
| Cluain Dolcáin | 23 |
| An Contae | 6 |
| Leamhcán/Baile Phámar | 14 |
| Tamhlacht | 48 |
| Tír an Iúir/Ráth Fearnáin | 27 |
| Ceantair Thuaithe (Teach Sagard, Ráth Cúil, an Caisleán Nua, an Briotás) | 1 |
| Iomlán | 119 |







Aguisín B:

# Tionscnaimh Bheartais agus Taighde Thábhachtaigh De Chuid Chontae Átha Cliath Theas agus Na Tíre

*Beartas agus Taighde Tábhachtach*

2008 → Treoirlínte maidir le hEalaín Phoiblí i bhForbairt Phríobháideach

2010 → Athbhreithniú ar Thorann

2010 → Taighde le haghaidh mol cultúrtha

2011 → Straitéis Oideachais Cheoil Átha Cliath Theas

2012 → Cleachtais Ealaíon atá Ilchineálach ón taobh Cultúrtha de i gceantair riaracháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhairle CathrachBhaile Átha Cliath.

2013 → Cairt na nEalaíon san Oideachas (an Roinn Oideachais agus Scileanna)

2015 → Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (an Chomhairle Ealaíon)

2016 → Creatlach don Chomhoibriú (an Chomhairle Ealaíon)

2016 → Meastóireacht ar Creative Campus.

2016 → In Context 4 – In Our Time: An Straitéis coimisiúnaithe Ealaíne Poiblí de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas Scéim Céatadán ar son na hEalaíne

© Comhairle Contae Átha Cliath Theas 2016